Oifig an Ard-Aighne

Tuarascáil Bhliantúil 2015

Ina n-ionchorpraítear

An Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm an Ráitis Straitéise 2015-2017

Clár Ábhar

	Leathanach
Ráiteas Misin	**3**
Cairt Eagraíochta	**4**
Réamhrá ón Ard-Aighne	**5**
Caibidil 1: An Ról atá ag Oifig an Ard-Aighne	**6**
Caibidil 2: Oifig an Ard-Aighne in 2015	**9**
Caibidil 3: An Obair a rinne Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas in 2015	**15**
Caibidil 4: An Dul Chun Cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil a Bhaint Amach	**16**
Caibidil 5: Athbhreithniú an Ard-Aighne ar an mbliain	**23**

Iarscríbhinní

A: Billí Rialtais a foilsíodh in 2015 a bhí dréachtaithe ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (ODP)	**24**
B: Billí Poiblí a Achtaíodh in 2015	**26**
C: Torthaí na bliana 2015 agus meastacháin le haghaidh 2015 agus 2016	**28**
D: Ráitis agus tuairiscí i leith cleachtas íocaíochta ar an Acht um Íoc Pras Cuntas	**32**

Misean na hOifige

Is é an misean atá againn an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí chomh heacnamaíoch agus go héifeachtach agus is féidir agus comhlíonadh le riail an dlí a thacú.

Tá ceithre Sprioc Ardleibhéil againn d'fhonn an Ráiteas Misin thuas a shaothrú mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2015-2017:

Clár Reachtaíochta an Rialtais a sheachadadh

Is é an sprioc atá ag Oifig an Abhcóide Parlaiminte (OPC) seirbhís dréachtaithe reachtaíochta ghairmiúil a sholáthar don Rialtas.

Cumarsáid agus Comhoibriú le Ranna Cliant

Is é an sprioc atá ag an Oifig rannpháirtíocht fócasaithe agus táirgiúil le Ranna agus Oifigí cliaint a fhorbairt tuilleadh. Áireofar leis seo idirghabháil luath i gcásanna a spreagadh, agus bainistíocht cásanna i ndlíthíocht chun torthaí níos fearr don Stát a bhaint amach. Chun an sprioc seo a bhaint amach, beidh comhaontú lenár gcliaint ag teastáil ar an modh is oiriúnaí de rannpháirtíocht i ngach réimse de sholáthar seirbhíse. Is é an aidhm atá againn a chinntiú sna 3 bliana atá amach romhainn, go mbeidh réitigh níos fearr dár gcliaint ann agus costais coigiltis feabhsaithe don cháiníocóir mar gheall ar chumarsáid agus comhoibriú feabhsaithe.

Seachadadh Seirbhíse Níos Éifeachtaí

Is é ár gcuspóir anseo tacú le ról bunreachtúil an Ard-Aighne mar Phríomh-Oifigeach Dlí sa Stát trí sheirbhís dlí éifeachtach comhroinnte cothrom le dáta a sholáthar don Rialtas atá ag freagairt do riachtanais athraitheacha ár Ranna cliaint. Déanfaimid córais, struchtúir agus réitigh a fhorbairt a thacaíonn le seachadadh seirbhíse optamam, éifeachtach ó thaobh costais de, atá ag teacht le tosaíochtaí an Rialtais, agus ár neamhspleáchas gairmiúil, agus ár luachanna seirbhíse poiblí á gcoinneáil.

Bainistíochta Eolais, Foghlaim agus Cumas Eagraíochtúil

Is é ár sprioc anseo a chinntiú go bhfuilimid in ann foireann ardchaighdeáin a earcú agus a choinneáil, agus leanúint le hinfheistiú inár bhfoireann agus iad a fhorbairt chun sármhaitheas gairmiúil leanúnach a chinntiú sa chaoi is go soláthraítear seirbhísí dlí barrmhaitheasa do Ranna cliaint. Aithníonn an Oifig an ról lárnach atá ag Bainistíocht Eolais agus foghlaim agus forbairt Eolais. Tá sé beartaithe againn, dá bhrí sin, le linn saolré na Straitéise, cur le bainistíocht eolais, foghlaim, forbairt agus córais TF, trí thiomnú do na cuspóirí seo a leanas.


Cairt Eagraíochta
An tArd-Aighne
An Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte
An tArd-Stiúrthóir
An Príomh-Aturnae Stáit
An Leas-Ardstiúrthóir
Na Dréachtóirí Parlaiminte
Riarachán
Abhcóidí Comhairle
Grúpa 1
Grúpa 2
Grúpa 3
An Ceannasaí Riaracháin
Aonad na nAcmhainní
An tAonad Leabharlainne
An tAonad TF
An tAonad um Bainistíocht
An tAonad
An Chlárlann
An tAonad Iniúchóireacht
Oifigí na nOifigí
An tAonad
Grúpa A
Grúpa B
Grúpa C
Grúpa D
Grúpa E
An Rannóg Chomhairle
An Rannóg Dlíthíochta Stáit agus Eorpaí
An Rannóg um Chomhairle Ghinearálta
Rannóg na gConarthaí Tráchtála
An Rannán
An Rannóg Cosanta, Mhuirí, Spóirt agus Clár Caipitil
An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta
An Rannóg um Oifig na nOibreac
An Rannán
An Rannóg Thráchtála agus Bhunreachta
An Rannóg um Athbhreit
Rannán an Cheartais agus an
Rannóg an Cheartais
Rannóg Dlíthíocht a an Gharda
Rannóg na Dlíthíocht
An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí
An Rannóg um Thearmann
An Rannóg Seirbhísí Dlí
Rannóg na Sócmhainní Coiriúla
An Rannán Riaracháin
Acmhainní Daonna
Teicneol-aíocht
Leabharlann & Fios Gnó
Rannóg na gCuntas
An tAonad Seirbhísí
An tAonad Oiliúna agus Forbartha
Aonad na dTaifead

Réamhrá ón Ard-Aighne

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige le haghaidh 2015 a chur i láthair.

Tugann foilsiú na Tuarascála Bliantúla seo deis athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhfhorbairtí dlí agus eagraíochta a bhain le hobair na hOifige in 2015. Is cuid freisin den Tuarascáil Bhliantúil seo an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn a eascraíonn as Ráiteas Straitéise na hOifige 2015-2017. I gCaibidil 5, dírím aird ar roinnt mór-réimsí dlí ar déileáladh leo san Oifig in 2015. I measc na n-ábhar sin tá:

- Mórdhlíthíocht chasta a bhaineann le cóireáil cánach, bearta um chobhsaíocht airgeadais agus córas smachtbhannaí riaracháin an Bhainc Cheannais.
- An 28 Aibreán, shínigh an tUachtarán ina dhlí an 31ú Leasú ar Bhunreacht na hÉireann, a chuir Airteagal nua sa Bhunreacht, Airteagal 42A, a dhéanann foráil go sonrach maidir le cearta an linbh a chosaint.
- Mar thoradh ar reifreann an 22 Bealtaine, achtaíodh an Ceathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht a dhéanann foráil maidir le pósadh idir bheirt, cibé acu is fir nó mná iad. I ndiaidh an reifrinn, achtaíodh an Bille um Pósadh, 2015, bille a chuir i bhfeidhm ar an dlí na hathruithe a bhí riachtanach chun éifeacht a thabhairt do phrionsabal an chomhionannais phósta.
- Achtú reachtaíochta chun údarás póilíneachta a bhunú chun foráil a dhéanamh i leith tuilleadh cuntasaíochta i gcás an Gharda Síochána.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil d'fhoireann an dá Oifig as an díograis, as an obair chrua agus as an tseirbhís a léiríonn siad i gcónaí.

Máire Whelan, AS

An tArd-Aighne

Caibidil 1

An Ról atá ag Oifig an Ard-Aighne

Sealbhóir oifige bunreachtúla is ea an tArd-Aighne, faoi Airteagal 30 den Bhunreacht. Is í an té is comhairleach don Rialtas i gcúrsaí dlí agus tuairimí dlí. Tugann a hoifig dlíodóirí agus baill foirne riaracháin cúnamh di maidir le comhairle a sholáthar don Rialtas, d'Airí an Rialtais agus do Ranna Rialtais, maidir le dréachtú reachtaíochta de réir treoracha ó Airí agus Ranna Rialtais, agus maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn, ar an Ard-Aighne agus ar Ranna Rialtais sa dlíthíocht. Tá oifig an Ard-Aighne féin i dTithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath, áit a bhfuil a foireann Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte lonnaithe, agus tá na haturnaetha in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) lonnaithe níos gaire do na cúirteanna ar Shráid na Long agus Lána na Seansaireachta. Is é ceannasaí riaracháin na hOifige Liam O'Daly, an tArd-Stiúrthóir. Is í Eileen Creedon an Príomh-Aturnae Stáit agus is é Paul Linehan an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte.

Tá struchtúr riaracháin na coda den Oifig atá lonnaithe ar Shráid Mhuirfean agus OPAS leagtha amach sa chairt ar leathanach 4 den Tuarascáil seo. Tá OPAS eagraithe ina Rannáin agus ina Rannóga a bhfuil réimsí sonracha oibre acu mar a gcuirtear síos orthu sa chairt. Le linn 2014, eagraíodh na hAbhcóidí Comhairleacha ina gcúig Ghrúpa ar leith trí thagairt do réimsí éagsúla speisialachais dlí, agus eagraíodh na Dréachtóirí Parlaiminte ina dtrí Ghrúpa laistigh d'Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODP), suas go dtí mí Mheán Fómhair 2014, agus ina gceithre Ghrúpa don chuid eile den bhliain, agus gach Grúpa ag déileáil le roinnt Ranna Rialtais.

Is é an Oifig príomhoifig dlí an Stáit agus déileálann sí le cúrsaí dlí phoiblí a bhaineann le conas a dhéantar Éire a rialú agus a riar. Déileálann sí le saincheisteanna lárnacha a bhfuil tábhacht bhunreachtúil ag baint leo, faoi conas is féidir an Bunreacht a léirthuiscint, a chur i bhfeidhm agus a leasú ó am go chéile. Cuireann an Oifig comhairle ar Ranna Rialtais faoi conas ar cheart do dhaoine ar gá dóibh dlíthe a chur i bhfeidhm léirmhíniú a dhéanamh ar na dlíthe sin, agus conas a d'fheadfaí iad a athrú chun oibleagáidí dlíthiúla nua nó dálaí eile sa tír seo, san Eoraip, nó go hidirnáisiúnta a léiriú. Sa chás ina bhfuil easaontas ann maidir le léirmhíniú nó cur chun feidhme dlíthe ag Airí nó Ranna, cuireann Oifig an Ard-Aighne comhairle ar fáil maidir lena léirmhíniú nó a gcur chun feidhme ceart, déanann sí ionadaíocht ar an Stát in aon dlíthíocht de bharr an easaontais, cuireann sí comhairle ar fáil maidir le haon reachtaíocht a bhfuil gá léi, agus dréachtaíonn sí an reachtaíocht sin.

Sa raon oibre lena ndéileálann an Oifig, léirítear raon feidhme iomlán na ngníomhaíochta rialtais i ndaonlathas nua-aimseartha, idir na sonraí a bhaineann le rialacha nua i réimsí teicniúla tionscail nó talmhaíochta a phleanáil, a chur chun feidhme agus a chosaint, agus na socruithe maidir le seirbhísí rialtais san oideachas, sa chúram sláinte, nó i réimse an cheartais, agus ceisteanna suntasacha ar chearta an duine, ar chomhtháthú na hEorpa agus ar chaidreamh idirnáisiúnta. D'fhéadfadh dlíodóirí an Rialtais a bheith ag déileáil le haon rud idir shaincheisteanna soláthair phoiblí, idirbhearta i ndáil le maoin faoi úinéireacht an stáit, dhíospóidí maoine intleachtúla, chomhlíonadh Rialacha an AE, iarratais i leith sócmhainní coiriúla agus dhúshláin bhunreachtúla nó reachtaíocht a bhaineann leis an dlí coiriúil. Soláthraíonn an Oifig seirbhís ghairmiúil dá cliaint seirbhíse poiblí agus í á áirithiú, ag an am ceanna, go léirítear sa chomhairle dlí uaithi measúnú neamhspleách ar an dlí maidir le hábhair éagsúla arna dtabhairt chun solais. Is féidir réimse na hoibre a thomhas leis an bhfíric gurb amhlaidh go ndearnadh an méid seo a leanas in 2015: -

- D'oscail an Oifig 353 comhad athbhreithnithe bhreithiúnaigh nua agus 252 comhad nua i réimse an dlí tearmainn agus an dlí inimirce.
- In 2015, chuir an Rannóg Dlíthíochta Stáit agus Eorpaí tús le 26 chás de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a ghlac Éire páirt sa nós imeachta scríofa agus/nó sa nós imeachta ó bhéal.
- Dhréachtaigh na Dréachtóirí Parlaiminte líon suntasach Billí i gcomhair breithniú ag an Oireachtas (foilsíodh 52 Bille Rialtais in 2015) agus líon suntasach Ionstraimí Reachtúla (258 díobh dréachtaithe agus curtha chuig Ranna, a raibh 72 ceann díobh dírithe ar oibleagáidí AE a ionchorprú).

Is fíor-dhinimiciúil í obair na hOifige toisc go mbíonn dlí na hÉireann, dlí na hEorpa agus an dlí idirnáisiúnta de shíor ag athrú agus go nglacann an Oifig bearta chun na caighdeáin ghairmiúla is airde agus ceanglais na seirbhíse poiblí araon a chomhlíonadh. Airítear le cliaint na hOifige an Rialtas, Airí an Rialtais agus na Ranna Rialtais. Oibríonn dlíodóirí san Oifig i ndlúthchomhar le dlíodóirí a bhíonn ag oibriú do chomhlachtaí poiblí eile, amhail Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireachtaí Stáit eile. Chun cabhrú le freastal ar riachtanais dhlíthiúla Ranna Rialtais, baintear úsáid níos mó as an tseirbhís iasachta arna forbairt ag an Oifig: tugtar dlíodóirí ar iasacht le dul i mbun oibre mar chomhairleoirí dlí laistigh de Ranna agus cuirtear roinnt dlíodóirí laistigh de OPAS ar conradh go speisialta agus déantar cistiú orthu chun déileáil le hobair speisialaithe ó Ranna ar leith.

.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Comhlacht reachtúil a bunaíodh faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975* is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (CAD). Is é ról an Choimisiúin ná an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí dá réir a dhéanamh maidir le hathchóiriú an dlí, agus an dlí atá ann faoi láthair a fhágáil inrochtana ag cách.

Déantar ról an Choimisiúin a chomhlíonadh go príomha faoi Chlár Athchóirithe Dlí atá ceadaithe ag an Rialtas agus atá curtha faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais. Oibríonn an Coimisiún chomh maith ar ábhair shonracha arna gcur faoina bhráid ag an Ard-Aighne faoi Acht na bliana 1975.

Déantar lánchistiú ar an gCoimisiún trí Dheontas ó Vóta na nOifigí.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le ról an Ard-Aighne, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin atá againn ag www.attorneygeneral.ie

Caibidil 2 Oifig an Ard-Aighne in 2015

An Fhoireann

Ag deireadh na bliana 2015, bhí 137 ball foirne údaraithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus 18 mball foirne sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí. Bhí 243 ball foirne in OPAS ag deireadh na bliana 2015.

Faoi dheireadh 2015, sháraigh Oifig Shráid Mhuirfean spriocanna an Rialtais i ndáil le fostú ban. B'ionann comhréir na mban san fhoireann ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó os a chionn agus 33.26%, agus b'ionann comhréir na mban san fhoireann ar leibhéal an Phríomhoifigigh nó os a chionn agus 16.82%. Maidir le OPAS, ag deireadh 2015 sháraigh an Oifig sin spriocanna an Rialtais i ndáil le fostú ban freisin. B'ionann comhréir na mban san fhoireann ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó os a chionn agus 62%, agus b'ionann comhréir na mban san fhoireann ar leibhéal an Phríomhoifigigh nó os a chionn agus 56%. Tá tuilleadh sonraí maidir le cothromaíocht inscne ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie

Maidir le hinrochtaineacht na mball foirne faoi mhíchumas, tá sprioc 3% an Rialtais fós á sárú ag an gcéatadán baill foirne faoi mhíchumas in Oifig Shráid Mhuirfean ag deireadh 2015. Rinne an Oifig monatóireacht ar a hinrochtaineacht le linn na bliana lena n-áirítear an inrochtaineacht trína suíomh gréasáin, agus d'áirithigh sí gur cuireadh san áireamh riachtanais daoine faoi mhíchumas in aon obair athchóirithe nó chothabhála. In OPAS, sáraíodh sprioc 3% an Rialtais leis an gcéatadán baill foirne faoi mhíchumas a bhí fostaithe san Oifig ag deireadh 2015. Lean an Oifig ar aghaidh ag tacú le baill foirne faoi mhíchumas agus bíonn suim aici i gcónaí i moltaí a fháil ó bhaill foirne.

Dlíodóirí ar iasacht chuig Ranna Rialtais

Mar chuid den éagsúlú ar an tsamhail um sholáthar seirbhísí dlí agus mar aitheantas ar an ngá níos mó atá le hionchur dlíthiúil ag céim luath i Ranna Rialtais, tá clár iasachta ar éirigh go geal leis á reáchtáil ag an Oifig ó 2006 i leith, trína gcuirtear Abhcóidí Comhairleacha i mbun oibre mar chomhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais. Tugadh dlíodóirí ó OPAS ar iasacht chuig roinnt Ranna freisin.

Sula dtugtar abhcóidí Comhairleacha ar iasacht, cuirtear sainoilúint orthu in Oifig an Ard-Aighne chun iad a ullmhú i gcomhair a dtréimhsí ar socrúchán.

Na hAbhcóidí Comhairleacha a chuirtear ar socrúchán laistigh de na Ranna, soláthraíonn siad comhairle dlí maidir le raon leathan ábhar go minic, a gcuireann an Roinn agus an tAire iomchuí faoina mbráid. Déileálann siad le go leor gnéithe de na riachtanais laethúla maidir le hionchur dlí a d'fhéadfadh a bheith ag Roinn, ó thaobh cúnaimh le tionscadail reachtacha agus le ceisteanna dlí scoite a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le príomhthionscnaimh bheartais.

Bíonn léargas ar leith ar riachtanais dhlíthiúla Roinne ag na comhairleoirí dlí sin a bhíonn ar iasacht. Forbraíonn siad saineolas dlí ar ghnó na roinne ina gcuirtear ar socrúchán iad agus soláthraíonn siad comhairle dlí éifeachtach spriocdhírithe a bhaineann go sonrach le cliaint ar leith i gcomhthéacs cúlra leathan saineolais dlí phoiblí. Forbraíonn siad caidreamh oibre le gach duine de na páirtithe leasmhara a bhíonn i gceist agus bíonn siad ina bpointe tábhachtach teagmhála idir na Ranna agus oifigí dlí an Stáit.

Bíonn ról tábhachtach ag na comhairleoirí dlí chomh maith maidir le ceapadh foriomlán faisnéisithe d'Oifig an Ard-Aighne agus cabhraíonn siad le Ranna ábhar a d'fhéadfadh tábhacht dlí nó tábhacht bhunreachtúil ar leith a bheith leo a shainaithint ag céim luath agus iadsan a chur faoi bhráid an Ard-Aighne chun comhairle a fháil uaithi.

Faoi 2015, de bharr éilimh mhéadaithe, bhí an-fhorbairt déanta ar an gclár iasachtaithe agus cuireadh go mór leis, le breis is 18 comhairleoir dlí curtha ar socrúchán i measc Ranna agus Oifigí Rialtais.

Ina theannta sin, sannann an Oifig Abhcóide Comhairleach mar Chomhairleoir Dlí chuig Buanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Tá ról an Chomhairleora Dlí tagtha chun cinn mar ghné riachtanach bhunúsach d'fheidhmiú éifeachtach na Buanionadaíochta. De bhreis ar an gclár iasachtaithe chuig Ranna Rialtais, thug an Oifig Abhcóide Comhairleach ar iasacht chun obair mar Shaineolaí Náisiúnta ar Iasacht i Seirbhís Dlí an Choimisiúin Eorpaigh.

In 2015, thug OPAS beirt dlíodóirí ar iasacht chuig Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) agus tugadh Dlíodóir amháin ar iasacht don Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc (CÉRB/IRBC).

Cuireann an Oifig fáilte roimh an rath atá ar na cláir sin agus tá sé beartaithe aici leanúint ar aghaidh ag tabhairt nuálaíochtaí isteach mar is cuí agus í ag iarraidh freastal ar riachtanais an Rialtais maidir le seirbhísí dlí a sholáthar san am atá le teacht.

Bainistíocht Eolais

Eagraíocht eolasbhunaithe is ea an Oifig, a chuireann béim lárnach ar an mBainistíocht Eolais (BE). Bíonn tionchar suntasach ag a éasca atá bhfuil sé eolas na heagraíochta a aisghabháil ar am na heagraíochta i ngach

réimse, ní hamháin maidir le heolas dlí. Tá éifeachtúlachtaí feabhsaithe maidir le cleachtais oibre, comhsheasmhacht fheabhsaithe sa chomhairle dlí agus laghdú ar iarrachtaí dúblacha i ngach réimse den Oifig ina mbuntáistí tábhachtacha a bhaineann le BE ó thaobh costais. I réimse na bainistíochta riosca, baineann tábhacht ar leith leis an BE maidir le riosca clú a bhainistiú.

Tá infheistíocht agus forbairt á déanamh go fóill ag an Oifig ar an bhfoireann chun sármhaitheas leanúnach ghairmiúil a áirithiú, d'fhonn seirbhísí dlí den scoth a chur ar fáil trí straitéisí BM a fhorbairt agus trí na straitéisí sin a chur i bhfeidhm.
In 2015, d'ullmhaigh an Coiste Bainistíochta Eolais (CBE) san Oifig ar Shráid Mhuirfean dréachtstratéis bhainistíochta eolais inar tugadh aird ar chomhairliúcháin le gnólachtaí/aonaid dhlíthiúla agus gnólachtaí/aonaid neamhdhlíthiúla san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, agus ar chomhairliúcháin inmheánacha le baill foirne. I mí na Nollag 2015, cuireadh an dréachtstraitéis i láthair an CCB (MAC) agus rinneadh í a fhaomhadh.

In 2015, d'earcaigh OPAS Oifigeach Bainistíochta Eolais. Le tacaíocht Choiste Bainistíochta Eolais OPAS, tá an tOifigeach Bainistíochta Eolais tar éis bheith ina phríomhcheannródaí ó thaobh na bainistíochta eolais agus na roinnte eolais de in OPAS. I dtosach báire, thug an tOifigeach Bainistíochta Eolais faoi Iniúchadh Eolais le linn R4 de 2015 mar chleachtadh bailithe eolais chun riachtanais BE de chuid OPAS a shainaithint. Ag deireadh na bliana, cuireadh faoi bhráid an CCB dréacht-Straitéis Bhainistíochta Eolais de chuid OPAS, a raibh mar bhonn eolais aici cinntí an Iniúchta Eolais chomh maith le heolas a fuarthas le linn comhairliúcháin le páirtithe éagsúla, idir pháirtithe inmheánacha agus pháirtithe seachtracha. I mí na Nollag, láinseáladh Feasachán Dlí le haghaidh OPAS. Eiseofar go hinmheánach é gach mí agus beidh nuacht agus eolas faoi chinntí OPAS, athruithe reachtaíochta agus nuashonruithe ar Rialacha na Cúirte ann, chomh maith le heolas ar ócáidí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL), ar ailt nua irise agus ar ábhar nua i Leabharlann OPAS.

Athchóiriú ar an Earnáil Phoiblí

In Eanáir 2015, chuir an Oifig tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (R/CPA) maidir le cur chun feidhme Chomhphlean Soláthair OAA/OPAS/CAD um Athchóiriú Comhtháite go deireadh 2014. I mí Feabhra 2015, chuir an Oifig Plean nua le haghaidh 2015 faoi bhráid na R/CPA, chomh maith le tuarascáil ar dhul chun cinn a chur faoina bráid i mí Iúil i ndáil le cur chun feidhme an Phlean sin go deireadh 2015. I mí na Nollag 2015, rinne an R/CPA tuarascáil bhreise ar dhul chun cinn a lorg maidir le chur chun feidhme an Phlean go deireadh 2015.

San áireamh i bPlean 2015, tá roinnt mhaith athruithe, forbairtí agus tionscnaimh atá curtha i bhfeidhm cheana féin, roinnt eile atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair agus roinnt eile a chuirfear i bhfeidhm amach anseo. Is é cuspóir na n-athruithe sin feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar sheirbhís do chustaiméirí, agus chun costais a laghdú.

I measc na dtionscnaimh a leagtar amach i bPlean 2015 chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí dlí do chliaint, tá laghdú maidir le costais – costais dhlíthiúla; gnóthú costais dhlíthiúla; cláir do dhaoine a théann ar iasacht; tograí chun costais dlíthíochta a laghdú; agus na hathchóirithe ar Chomhaontú Bhóthar Haddington ina measc.

Tá teacht ar na sonraí maidir le Plean Seachadta na nOifigí um Athchóiriú Comhtháite ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie

Comhlíonadh na gCeanglas Rialála

I rith 2015 lean an Oifig ar aghaidh ag déanamh athbhreithnithe ar mar a chomhlíonann OAA agus OPAS na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, agus an reachtaíocht ar Shláinte agus Shábháilteacht chomh maith le riachtanais éigeantacha dhlíthiúla maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.. Fuarthas go raibh socruithe sásúil san dá oifig le linn na bliana.

Críochnaíodh Tionscadal Cartlainne Náisiúnta OAA i gcomhair 2015 roimh am agus aistríodh 1,646 comhad chuig an gCartlann Náisiúnta i Sráid an Easpaig, lenar áiríodh 98.75% de na comhaid dhoiciméadaithe a bhí sceidealaithe lena n-aistriú. Coimeádann an Oifig na deimhnithe maidir le coimeád na gcomhad sin nár aistríodh.

Maidir le húsáid fuinnimh agus comhlíonadh Rialacháin 12(2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht um Úsáid Deiridh Fuinnimh agus Caomhnú Fuinnimh) I.R. Uimh. 542 de 2009, tá sonraí faoin úsáid le linn 2015 sa dá oifig ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie

Laghdú costas

In 2015, rinne OAA iarracht tuilleadh spárála airgid a dhéanamh chun caiteachas a laghdú laistigh den Vóta. I rith na tréimhse sé bliana roimhe seo, tá laghdú nach beag déanta ar chaiteachas bliantúil na hOifige. Ag deireadh 2015, bhí an glanchaiteachas 28.7% ní b'ísle ná mar a bhí sé in 2008. Ba é seo a leanas an glanchaiteachas thar an tréimhse sin:

2008 €18.1 milliún

2009 €15.6 milliún (laghdú 13.8% ar an mbliain roimhe sin)

2010 €13.5 milliún (laghdú 13.4% ar an mbliain roimhe sin)

2011 €13.3 milliún (laghdú 1.5% ar an mbliain roimhe sin)

2012 €13.5 milliún (méadú 1.5% ar an mbliain roimhe sin)

2013 €13.3 milliún (laghdú 1.5% ar an mbliain roimhe sin)

2014 €12.9 milliún (laghdú 3% ar an mbliain roimhe sin)

2015 €13.1 milliún (méadú 1.5% ar an mbliain roimhe sin)

Tá tuilleadh spárála airgid bainte amach ag OPAS freisin chun an caiteachas laistigh den Vóta a laghdú. I rith na tréimhse seacht bliana seo a chuaigh thart, rinneadh laghdú nach beag ar chaiteachas bliantúil na hOifige. Ag deireadh 2015, bhí an glanchaiteachas 30.54% ní b'ísle ná mar a bhí sé in 2008. Ba é seo a leanas an glanchaiteachas thar an tréimhse sin:

2008 €40.6 milliún

2009 €33.5 milliún (laghdú 17.4% ar an mbliain roimhe sin)

2010 €31.6 milliún (laghdú 5.6% ar an mbliain roimhe sin)

2011 €30.6 milliún (laghdú 3.5% ar an mbliain roimhe sin)

2012 €28.8 milliún (laghdú 5.9% ar an mbliain roimhe sin)

2013 €28.3 milliún (laghdú 1.7% ar an mbliain roimhe sin)

2014 €25.5 milliún (laghdú 9.9% ar an mbliain roimhe sin)

2015 €28.2 milliún (méadú 10.6% ar an mbliain roimhe sin)

Maidir le táillí abhcóidí, bhí laghdú 32% tagtha ar chaiteachas as an Vóta OPAS ag deireadh 2015, i gcomparáid le híocaíochtaí na bliana 2008.

Tháinig Grúpa na hOifige um Tháillí Gairmiúla a Rialú (GTGR) le chéile ar bhonn seachtainiúil in 2015 chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaiteachas ar tháillí gairmiúla agus chun é sin a rialú. Le linn na bliana freisin, lean an Oifig ar aghaidh ag cur beartais i bhfeidhm maidir le costais dlí a bhailiú i ngach cás inar deonaíodh costais don Stát, sna cásanna inar measadh go mbeadh bailiú den sórt sin indéanta.

Iarratais um Shaoráil Faisnéise

Tá sonraí maidir le hiarratais chuig OAA agus OPAS faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie .

Rannpháirtíocht i gCoistí agus i nGrúpaí Oibre

Le linn 2015 thug an fhoireann dlí comhairle uaithi agus ghlac sí páirt i nGrúpaí Oibre ar réimse saincheisteanna tábhachtacha leathana nó idir-rannacha.

Tá liosta de na Coistí agus na Grúpaí Oibre idir-rannacha is tábhachtaí le fáil ar an suíomh gréasáin atá againn ag www.attorneygeneral.ie

Caibidil 3

An Obair a rinne Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas in 2015

Cuimsíonn ODP foireann dlíodóirí speisialtóireachta atá oilte ar leibhéal ard i ndisciplín dréachtaithe na reachtaíochta.

Tá sé ina chuspóir ag ODP sainseirbhís ardchaighdeáin dréachtaithe reachtaíochta, atá gairmiúil agus éifeachtach, a sholáthar don Rialtas.

Is é phríomhobair ODP ná Billí Rialtais a dhréachtú lena bhfoilsiú agus lena gcur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú, nuair is cuí, do Ranna agus Oifigí Rialtais, lena n-áirítear ionstraimí lena ndéantar reachtaíocht AE a thrasuí sa dlí intíre faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972.

Dhréachtaigh ODP líon suntasach Billí agus ionstraimí reachtúla le linn 2015:

Foilsíodh **52** Bille Rialtais (Iarscríbhinn A)

Achtaíodh 67 Bille Rialtais (Iarscríbhinn B)

Dréachtaíodh agus tarchuireadh chuig na Ranna 258 Ionstraim Reachtúil (ar bhain 72 díobh le bearta an Aontais Eorpaigh a thrasuí).

Caibidil 4

An dul chun cinn maidir le spriocanna ardleibhéil a bhaint amach

Soláthar seirbhísí dlí

Le linn 2015, sholáthair an fhoireann san Oifig tacaíocht leanúnach don Ard-Aighne maidir le comhlíonadh a róil bhunreachtúil mar chomhairleoir dlí don Rialtas.

Sholáthair baill foirne dlí tuairimí agus comhairle i ndáil le Meabhráin don Rialtas agus rinneadh plé ar ábhair leis an Ard-Aighne roimh fhreagraí a thabhairt ar iarratais ar thuairimí agus ar chomhairle ar an gcóras ríomhsheirbhísí Comh-Aireachta. Rinne siad treoracha a lorg uaithi freisin maidir le saincheisteanna suntasacha um léirmhíniú dlíthiúil, cur i bhfeidhm reachtanna, réitigh reachtaíochta nó réitigh riaracháin ar dheacrachtaí dlíthiúla, srl. Rinne na hAbhcóidí Comhairleacha agus OPAS treoracha a lorg ón Ard-Aighne maidir le stiúradh na dlíthíochta.

In 2015, rinne an tArd-Aighne cathaoirleacht ar thrí chruinniú de Choiste Comhairleach Bainistíochta Dlí na hOifige atá ionadaíoch ar gach réimse dlí de chuid na hOifige – Abhcóidí Comhairleacha, ODP agus OPAS chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna leanúnacha dlí laistigh den Oifig ar tábhachtach agus íogair iad, agus aird ar leith tugtha ar an liosta comhad íogair a chuirtear faoi bhráid an Rialtais ar bhonn rialta.

I rith na bliana, rinne Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha athbhreithniú ar obair trína chóras foirmiúil timthriallta athbhreithnithe ocht seachtaine agus chuir siad an obair in ord tosaíochta trí chruinnithe rialta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla le Ranna ar cliaint iad i rith na bliana. Chomh maith le dul i ngleic le nithe a bhaineann leis an obair, bhí an deis ann leis na cruinnithe sin aiseolas a fháil ó chliaint ar shaincheisteanna soláthair seirbhísí agus aird a dhíriú ar shaincheisteanna nua agus ar shaincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn.

Bhí ról lárnach ag ODP in obair Choiste Reachtaíochta an Rialtais i rith na bliana 2015. Déanann an Coiste maoirseacht ar gach Bille Rialtais atá beartaithe ón am a chuirtear san áireamh é i gClár Reachtaíochta an Rialtais go dtí go mbíonn sé curtha trí Thithe an Oireachtais, agus déileálann sé le fadhb ar bith a thagann chun cinn i ndáil le cur chun feidhme réidh agus tapa an Chláir.

Thuairiscigh ODP go rialta do Choiste Reachtaíochta an Rialtais, agus mionsonraí á gcur ar fáil aici faoi dhul chun cinn dhréachtú na mBillí agus ionstraimí reachtúla an Aontais Eorpaigh. Mar gheall ar rannpháirtíocht leanúnach ODP in obair an Choiste, bhí sásra ríthábhachtach ar fáil maidir le hidirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíocha na Ranna ar sheirbhísí ODP.

Dhírigh OPAS in 2015 ar fhorbairt, ar fheabhsú agus ar mhionchoigeartú na seirbhísí dlí i réimsí a mbaineann tábhacht leo do Ranna agus d'Oifigí ar cliaint iad. Bhí sé ina chuspóir ag an Oifig seirbhísí dlí ardchaighdeáin a sholáthar do chliaint ar shlí chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus a d'fhéadfaí. Úsáideadh acmhainní san Oifig d'fhonn an cuspóir sin a chomhlíonadh. Tháinig OPAS le chéile leis an Ard-Aighne uair sa choicís i rith na bliana chun obair shuntasach a bhí idir lámha a phlé.

Bainistiú na Dlíthíochta

Bhí sé ina phríomhthosaíocht ag an Oifig i rith na bliana an phríomhstraitéis um bainistiú na dlíthíochta, go háirithe na holléilimh, athdhlíthíocht saincheisteanna agus cásanna aonair dian ar fhíricí, a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach. Tháinig na hAbhcóidí Comhairleacha le chéile go rialta leis an bhfoireann dlí in OPAS agus le hoifigigh sna Ranna cuí chun treoir a thabhairt don straitéis dlí fhoriomlán, d'fhonn a áirithiú go raibh na cineálacha dlíthíochta sin á mbainistiú go héifeachtach ar bhonn leanúnach. Is féidir le comhairle ón Oifig airgead poiblí a spáráil sa réimse seo i gcostais dlí agus trína fháil amach conas is fearr le hoifigigh Ranna a gcuid ama a chaitheamh agus cásanna á n-ullmhú.

Costais Dlíthíochta a Laghdú

D'fhan an Oifig tiomanta in 2015 don ghá atá le bealaí a aimsiú chun costas na dlíthíochta ar an Stát a laghdú. Bhí meicníochtaí amhail comhairle leanúnach i ndáil le dlíthíocht a sheachaint agus réiteach luath ar chásanna cuí ina gcuspóirí príomha. Tá forbairt déanta ag an Oifig ar líon suntasach prótacal (lena n-áirítear prótacail maidir le comhoibriú méadaithe idir na Gníomhaireachtaí Stáit) agus cloítear leis na prótacail sin d'fhonn cuidiú le stiúradh na dlithíochta a bheith éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais. Ina theannta sin, tugadh faoi réitigh neamhdhlíthíochta malartacha amhail an idirghabháil i rith na bliana nuair ba phraiticiúil.

Cuireadh roinnt tionscnamh chun cinn i rith na bliana chun costais dlí an Stáit a laghdú. Áiríodh leo sin costais a réiteach agus cáin a ghearradh orthu ag leibhéil réasúnta, Bunachar Sonraí Cuntasaíochta Costas a fhorbairt agus na sonraí go léir maidir le costais dlí a ghabháil ionas gur féidir éascaíocht a dhéanamh ar bhainistíocht fhoriomlán chostéifeachtúil na gcostas dlíthíochta agus athchóiriú ar chóras chánachas na gcostas.

Lean Grúpa Geallsealbhóirí Airteagail 40, a bunaíodh in 2014, ar aghaidh ag bualadh le chéile le linn na bliana, agus rinne siad scrúdú ar bhealaí difriúla chun laghdú a fháil ar na costais dlí a eascraíonn as iarratais faoi Airteagal 40. Is an-leathan ar fad réimse sainchúraim an Ghrúpa seo agus déanann sé comhar a chothú idir na geallsealbhóirí, mar shampla: tá nós imeachta cumarsáide á chur ar bun ag an nGarda Síochána agus ag Seirbhís Príosún na hÉireann (SPÉ) faoina scaoiltear saor go sealadach príosúnaigh. Cuimsítear sa

ghrúpa seo ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas: OAA; OPAS; Seirbhísí Dlí an Gharda Síochána; an Roinn Dlí agus Cirt; SPÉ; agus an tSeirbhís Chúirteanna.

Maidir le hiarratais ar thearmann, leantar ar aghaidh in 2015 le héisteachtaí teileascóip (i.e. éisteachtaí ar chead agus éisteachtaí substainteacha san éisteacht chéanna) maidir le cásanna ar an Liosta um Thearmann agus Inimirce san Ard-Chúirt. Mar thoradh ar an bhforbairt seo, tá an Oifig tar éis idir 30% agus 40% a shábháil ar na táillí mionteagaisc a íoctar le habhcóidí Stáit i gcásanna mar sin. Sábháladh tuilleadh airgid mar thoradh ar réiteach luath i gcásanna cuí.

Gnóthú Costas Dlíthiúil

In 2015, leanadh ar aghaidh le príomhbheartas na hOifige maidir le costais dhlíthiúla a ghnóthú i ngach cás ar éirigh leis an Stát ann agus ina raibh an Chúirt tar éis na costais a dhámhachtain don Stát. Déanann bunachar nua na hOifige, an Bunachar um Ghnóthú Costas, atá i bhfeidhm ó mhí Feabhra 2015 ar aghaidh, na sonraí ar fad a thaifeadadh maidir le haon ghnóthú nua. In 2015, €658,646 an t-iomlán a gnóthaíodh.

An Plean um Athchóiriú Sócmhainní

I rith 2015, rinne OPAS tuilleadh oibre ar son an Ghrúpa Stiúrtha um Athchóiriú Sócmhainní. Bhunaigh an Rialtas an Grúpa Stiúrtha, agus tá Oifig na nOibreacha Poiblí i gceannas uirthi. Tá an Grúpa Stiúrtha freagrach as athchóiriú a dhéanamh ar Phunann Maoine an Stáit agus as an bpunann sin a chuíchóiriú. Tá ionadaithe sinsearacha ón Rialtas Láir, ó na hÚdaráis Áitiúla, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó chomhlachtaí Státurraithe sa Ghrúpa Stiúrtha, mar aon le hionadaithe ó Rannóg Oifig na nOibreacha Poiblí (an Rannán um Maoin Stáit) de chuid OPAS.

I gcomhairle le OPAS, agus comhairle faighte aige uaithi, d'fhoilsigh an Grúpa Stiúrtha Plean Soláthair um Bainistíocht Sócmhainní Maoine inar luadh spriocanna straitéiseacha chun clár an Rialtais um athchóirithe ar mhaoin an Stáit a bhaint amach. Ba é ceann de chuspóirí sonracha an Phlean ná Prótacail a fhorbairt chun ceannach, diúscairt agus roinnt mhaoin an Stáit a rialú.

I rith 2015, d'oibrigh an Oifig go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP), go mór mór maidir le diúscairt phleanáilte suas go 250 maoin. Chomh maith leis sin, bhí OPAS i gceannas ar ullmhú an Phrótacail um Maoin Stáit a Aistriú agus an Phrótacail um Maoin Stáit a Chomhroinnt chun cabhrú leis na Geallsealbhóirí uile maoin an Stáit a bhainistiú agus a roinnt. Is é is aidhm leis na Prótacail sin éifeachtúlacht in idirbhearta maoine idir-rannacha/eagraíochta stáit a athchóiriú chun éifeachta agus a fheabhsú, agus chun cabhrú le geallsealbhóirí úsáid éifeachtúil ó thaobh costais de a bhaint as punann

mhaoine an Stáit. Go hachomair, tá nósanna imeachta leagtha síos sna Prótacail chun aistriú ar bith ó chomhlacht amháin Stáit go comhlacht eile Stáit a athchóiriú chun éifeachta agus maidir le maoin an Stáit a chomhroinnt idir il-gheallsealbhóirí Stáit freisin. Faoi dheireadh 2015, bhí na Prótacail curtha ar aghaidh chuig na Geallsealbhóirí go léir.

Sábhálfaidh an Stáit a lán airgid trí na Prótacail a chur i bhfeidhm agus freisin trí na spriocanna eile a chur i bhfeidhm atá leagtha amach sa Phlean Soláthair um Bainistíocht Sócmhainní Maoine.

Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ)

Is mór an ról atá ag an Oifig i gclár oibre ríomhsheirbhísí an Rialtais agus san acmhainn atá ag an gclár oibre sin don todhchaí, go háirithe i gcomhthéacs tháirgeadh, bhainistíocht agus nuashonrú leanúnach Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ). Déanann Grúpa rLRÉ na hOifige maoirsiú ar bhainistíocht na seirbhíse sin.

Is stór de reachtaíocht ar líne é an rLRÉ ar féidir leis an bpobal teacht go héasca air ar an láithreán gréasáin www.irishstatutebook.ie. Nuair a rinneadh an rLRÉ a uasdátú in 2015 i ndiaidh an Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2007 a achtú, cuireadh san áireamh ann Achtanna an Oireachtais ó 1922 go 2015; Rialacha agus Orduithe Reachtaíochta ó 1922 go 1947; Ionstraimí Reachtúla ó 1948 go 2015; agus an chuid is mó de na reachtanna poiblí agus reachtanna ginearálta a bhí i bhfeidhm sa Stát san aimsir réamh-1922.

Foilsíodh Eolaire Reachtaíochta freisin don tréimhse 1922 go dtí deireadh 2015. Cuireann an tEolaire sin ar chumas úsáideoirí Leabhar Reachtaíochta Éireann a fháil amach faoi leasú nó faoi aon athrú eile a rinneadh ar fhoráil ar leith d'Acht ar bith. Tá Eolaire Reachtaíochta le haghaidh ionstraimí reachtúla san áireamh ann freisin agus tugann an tEolaire seo eolas faoi leasuithe agus faoi chúlghairmeacha ar ionstraimí reachtúla a cuireadh i bhfeidhm idir Eanáir 1999 agus deireadh 2015. Tá téacs iomlán an Bhunreachta ina bhfuil naisc chuig na hAchtanna leasaitheacha foilsithe ar an rLRÉ freisin.

Forbairt eile thábhachtach a tharla in 2015 ná cur i bhfeidhm na chéad chéime den Aitheantóir Eorpach Reachtaíochta (ELI) a éilíonn ar Bhallstáit úsáid a bhaint as córas caighdeánaithe aitheanta reachtaíochta agus as tréithe meiteashonraí le cur síos a dhéanamh ar gach acmhainn dlí chun go gcuirfear ar chumas daoine cuardach agus malartú éifeachtach, soláimhsithe agus níos tapúla a dhéanamh maidir le faisnéis dlí. Tá sé beartaithe go gcuirfear i bhfeidhm dearadh nua gréasáin go luath in 2016 chun feabhas a chur ar rochtain úsáideoirí ar reachtaíocht agus ar eolas tacaíochta.

Bainistíocht Riosca

Chuidigh an fhoireann dlí san dá Oifig le tuilleadh neadú a dhéanamh ar na beartais maidir le bainistíocht fhoirmiúil riosca laistigh den Oifig i rith na bliana. Áiríodh leis na beartais sin:

- Tuairisciú rialta ar feadh na bliana ó na hAbhcóidí Comhairleacha don Ard-Aighne agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) Dlí, cruinnithe idir an tArd-Stiúrthóir, an Leas-Ardstiúrthóir agus Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha ar réimsí agus ábhair a mbaineann riosca suntasach leo;
- Plé ar chúrsaí a bhaineann le riosca agus leis an bpróiseas dréachtaithe reachtaíochta agus ODP ag cruinnithe idir an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus na Bainisteoirí Grúpa, ag cruinnithe le Grúpaí ar leith agus ag cruinnithe den CCB Dlí.
- Comhbheartas athbhreithnithe maidir le Bainistíocht Riosca OAA agus OPAS ar glacadh leis i mí na Nollag 2015;
- Comhchoiste OAA-OPAS maidir le Bainistíocht Riosca a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2015;
- Tuairiscí rialta ón Leas-Ardstiúrthóir (OAA) agus ó Phríomh-Aturnae Cúnta Stáit (OPAS) do chruinnithe na CCBanna áitiúla agus CCBanna Príomhúla, agus don Choiste Iniúchóireachta, i gcomhthéacs straitéis bhainistíochta riosca a bheith á neadú ag an gCoiste ar fud na hOifige, stráitéis lena n-áirítear beartas riosca, clár rioscaí corparáide agus cláir rioscaí na nGrúpaí agus na nAonad Gnó aonair, de réir mar is cuí.

Déanach in 2015, d'fhostaigh ionadaí fhoireann dlí agus riaracháin an dá Oifig ar an gCoiste Bainistíochta Riosca sainchomhairleoir seachtrach chun an t-athbhreithniú ar na rudaí seo a leanas de chuid na hOifige a éascú: beartas bainistíochta riosca; clár rioscaí corparáide; agus cláir rioscaí a bhaineann le grúpaí, rannáin, rannóga agus aonaid ghnó.

In 2015, ghlac an dá Oifig le beartas an Achta um Nochtadh Cosanta.

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

In 2015, ghlac an fhoireann dlí sa dá Oifig páirt i bpróiseas chun neadú breise a dhéanamh ar an CBFF, lena n-áirítear Aiseolas Aníos agus úsáid a bhaint as rátálacha CBFF chun críocha ardú céime agus breisithe tuarastail. Ag tús na bliana, comhaontaíodh le bainisteoirí ar Fhoirmeacha Próifíl Róil aonair, rinneadh Athbhreithnithe Eatramhacha i lár na bliana agus cuireadh gach athbhreithniú bliantúil i gcrích tar éis

dheireadh na bliana. Ag deireadh na bliana, cuireadh foireann an dá Oifig ar an eolas maidir le hathruithe ar an gcóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) ó 2016 ar aghaidh.

Oiliúint agus Forbairt

Le linn 2015, ghlac Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte ainmnithe páirt in obair an Choiste Foghlama agus Forbartha agus é mar phríomhaidhm acu pointí áirithe gníomhaíochta a leagtar amach i Straitéis Foghlama agus Forbartha na hOifige a chur chun cinn. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2015 maidir le gníomhphointí áirithe a chur i bhfeidhm i dtaobh cláir oiliúna i gcomhair na nAbhcóidí Comhairleacha agus na nDréachtóirí Parlaiminte. Láinseáladh suirbhé i mí Mheán Fómhair 2015 maidir le hoiliúint fhoireann dlí na hOifige. Thug torthaí an tsuirbhé sin go leor le fios maidir le cúrsaí inmheánacha, cúrsaí seachtracha agus cúrsaí is ócáidí eile foghlama is forbartha a aithint le haghaidh na foirne dlí.

Le linn 2015 freisin, d'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte OAA agus dlíodóirí OPAS ar réimse leathan cúrsaí oiliúna ar mhaithe le feabhas a chur ar a gcuid eolas dlí agus iomlán a gcumais a bhaint amach. Cuireadh béim faoi leith ar oiliúint inmheánach a raibh sé mar bhuntáiste aici go raibh sí oiriúnaithe agus éifeachtúil ó thaobh costais de.

Tugadh Oiliúint Ionduchtúcháin do bhaill nua foirne agus tugadh oiliúint dóibh freisin maidir leis an gCóras Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (PMDS).

Cuireadh ar fáil réimse leathan d'oiliúint sheachtrach le haghaidh na foirne dlí agus na foirne riaracháin. Bhain an fhoireann leas as cúrsaí Dioplóma agus as cúrsaí Céime freisin chun a ndeiseanna gairme a fheabhsú ar mhaithe lena chinntiú go mbeidís ullamh sa todhchaí chun róil shinsearacha a ghlacadh agus chun a chinntiú freisin go mbeadh baill foirne réidh chun poist nua a thógail laistigh den státseirbhís.

Tháinig Coiste Oiliúna agus Forbartha OPAS le chéile seacht n-uaire le linn 2015 agus chuir siad le chéile liosta de na príomhthosaíochtaí le cur san áireamh i Stráitéis nua Oiliúna agus Forbartha. I measc na bpríomhthosaíochtaí sin, tá an Stráitéis nua Oiliúna agus Forbartha a chur in oiriúint le Stráitéis Acmhainní Daonna Straitéiseach na hOifige; leanúint ar aghaidh le hoiliúint leanúnach inmheánach FGL (CPD); oiliúint bhreise a chur chun cinn maidir le scileanna Réiteach Malartach Díospóidí na láimhseálaithe comhaid dlí; oiliúint mhodúlach a chur i bhfeidhm le haghaidh dlíodóirí/feidhmeannaigh dhlí; agus oiliúint bhainistíochta a chur ar fáil maidir leis an dlí i gcás ról mar Cheannasaí Rannóige agus mhaoirseoirí dlí.

D'fhreastail foireann dlí OPAS ar réimse leathan de chúrsaí oiliúna ar mhaithe le feabhas a chur ar a gcuid eolas dlí agus iomlán a gcumais a bhaint amach. Cuireadh béim faoi leith ar oiliúint inmheánach a raibh sé mar bhuntáiste aici go raibh sí oiriúnaithe agus éifeachtúil ó thaobh costas de. Chomh maith leis sin, d'fhreastail baill den fhoireann dlí ar réimse leathan de chúrsaí oiliúna a bhí á reáchtáil ag comhlachtaí

seachtracha ar nós an Dlí-Chumainn, Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath agus Ghnóthaí Poiblí Éireann. Cuireadh cúrsaí oiliúna ginearálta ar siúl freisin i rith na bliana don fhoireann go léir san Oifig.

D'áirithigh OPAS go ndearna aturnaetha an líon riachtanach uaireanta oiliúna dlí chomh maith le hoiliúint i scileanna bainistíochta agus forbartha gairmiúla agus in ábhair rialála chun ceanglais an Dlí-Chumainn a chomhlíonadh maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

Seirbhísí Bainistíochta Corparáideacha agus Gnó

In 2015, sholáthair an lucht riaracháin in OAA agus in OPAS seirbhísí bainistíochta corparáide agus seirbhísí bainistíochta gnó nua-aimseartha gairmiúla chun tacú le seirbhísí dlí lárnacha na hOifige a sholáthar. Sholáthair Aonaid Ghnó Feidhme i réimsí na nAcmhainní Daonna, an Airgeadais, na Leabharlainne agus Fios Gnó, TF, na Clárlainne, Thacaíocht na n-oifigí príobháideacha, na hIniúchóireachta Inmheánaí, Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíochta Athruithe na struchtúir tacaíochta, an soláthar foirne, agus na seirbhísí agus córais ba ghá chun éascaíocht a dhéanamh ar Ráiteas Misin agus ar Spriocanna Ardleibhéil na hOifige a bhaint amach.

Caibidil 5

Athbhreithniú an Ard-Aighne ar an mbliain

Le linn 2015, chuaigh an Oifig i ngleic le go leor mór-réimsí dlí.

Bhí bunú Choimisiún Imscrúdúcháin na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc agus na saincheisteanna dlí a bhain le Comhfhiosrúchán Baincéireachta an Oireachtais i measc na mórshaothar fíorshuntasach ar dhéileáil an Oifig leo. Chomh maith leis sin, chuaigh an Oifig i ngleic le mórdhlíthíocht chasta maidir le cóireáil cánach, bearta um chobhsaíocht airgeadais agus córas smachtbhannaí riaracháin an Bhainc Cheannais.

In 2015, tháinig i bhfeidhm ar an mBunreacht dhá athrú shuntasacha. An 28 Aibreán, shínigh an tUachtarán ina dhlí an 31ú Leasú ar Bhunreacht na hÉireann, a chuir Airteagal nua sa Bhunreacht, Airteagal 42A, a dhéanann foráil go sonrach maidir le cearta an linbh a chosaint. Tharla sé sin i ndiaidh dlíthíochta a thug faoi thoradh an reifrinn a bheith curtha i gcrích. I ndiaidh reifrinn an 22 Bealtaine, achtaíodh an Ceathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht a dhéanann foráil maidir le pósadh idir bheirt, cibé acu is fir nó mná iad. Tugadh go leor comhairle dlí le linn ullmhúchán don reifreann, maidir le foclaíocht an reifrinn, chomh maith leis na hathruithe ar an dlí a thiocfadh i bhfeidhm dá bharr. Mar thoradh ar an reifreann, achtaíodh an Bille um Pósadh, 2015, a rinne a chur i bhfeidhm athruithe ar an dlí a bhí riachtanach chun éifeacht a thabhairt do phrionsabal an chomhionannais phósta.

Mór-réimse eile a chuaigh i gcion ar an Oifig le linn 2015 ná an reachtaíocht chun údarás póilíneachta a bhunú chun foráil a dhéanamh le aghaidh tuilleadh cuntasaíochta i gcás an Gharda Síochána.

Ba mhór an tionchar ar an Oifig a bhí ag cur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Cuspóir an Achta sin struchtúir a chur ann maidir le cosaint do ‘sceithirí’ san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Bhí gá le comhairlí tábhachtacha a chur ar Ranna Rialtais fad is a bhí an reachtaíocht á neadú.

Iarscríbhinn A

Billí Rialtais a foilsíodh in 2015 agus a bhí dréachtaithe ag ODP

An Bille Leithreasa 2015
An Bille Féimheachta (Leasú) 2015
An Bille um Chúram Leanaí (Leasú) 2015
Bille na Leanaí (Leasú) 2015
An Bille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015
An Bille um Roghnú Cúirte (Coinbhinsiún na Háige) 2015
An Bille um Fhiachas Sibhialta (Nósanna Imeachta) 2015
An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015
An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2015
An Bille um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2015
Bille na gCúirteanna 2015
An Bille um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú) 2015
An Bille um Cheartas Coiriúil (Buirgléireacht ar Theaghaisí) 2015
An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2015
An Bille Cosanta (Leasú) 2015
An Bille um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath (Díscaoileadh) 2015
An Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2015
An Bille Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2) 2015
An Bille Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú) (Uimh. 2) 2015
An Bille Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015
An Bille Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015
An Bille Airgeadais 2015
An Bille um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2015
Bille an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015
An Bille Cuanta 2015
An Bille Sláinte (Seirbhís Lia-Chleachtóirí Ginearálta) 2015
An Bille Árachais Sláinte (Leasú) 2015
An Bille um Rásaíocht Capall Éireann 2015
An Bille um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2015

An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015
An Bille um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015
An Bille um Pósadh 2015
An Bille Forbartha Mianraí 2015
An Bille um Mí-Úsáid Drugaí (Leasú) 2015
An Bille um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2015
An Bille um Fhorais Chultúir Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta) 2015
An Bille um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal) 2015
An Bille um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú) 2015
An Bille um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt) 2015
An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú)2015
Bille na bPríosún 2015
An Bille Sláinte Poiblí (Alcól)
An Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015
An Bille Iompair Phoiblí 2015
An Bille Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015
An Bille Leasa Shóisialaigh 2015
An Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2015
An Bille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015
Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2015
An Bille um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Comhionannas Pósta) 2015
An Bille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Aois Intofachta chun Oifig an Uachtaráin) 2015
An Bille um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015

Iarscríbhinn B

Billí Poiblí a achtaíodh in 2015

An tAcht Leithreasa 2015

An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2013

An tAcht Féimheachta (Leasú) 2015

An tAcht Gealltóireachta (Leasú) 2015

Acht an Bhainc Ceannais (Leasú) 2015

An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú) 2015

Acht na Leanaí (Leasú) 2015

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015

An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015

An tAcht um Roghnú Cúirte (Coinbhinsiún na Háige) 2015

An tAcht um Fhiachas Sibhialta (Nósanna Imeachta) 2015

An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015

An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2015

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2015

Acht na gCúirteanna 2015

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Buirgléireacht ar Theaghaisí), 2015

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) (Leasú) 2015

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2015

An tAcht Custam 2015

An tAcht Cosanta (Leasú) 2015

An tAcht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath (Díscaoileadh) 2015

An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015

An tAcht Toghcháin (Leasú) 2015

An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015

An tAcht um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015

An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú) 2015

An tAcht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015

An tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015

An tAcht Airgeadais 2015

An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2015

Acht an Gharda Síochána (Leasú) (Uimh. 3), 2015

Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015

An tAcht um Inscne a Aithint 2015

An tAcht Cuanta 2015

An tAcht Sláinte (Seirbhís Lia-Chleachtóirí Ginearálta) 2015

An tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2015

An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2015

An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015

An tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015

An tAcht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015

An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí 2015

An tAcht um Pósadh 2015

An tAcht Meabhair-Shláinte (Leasú) 2015

An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí (Leasú) 2015

An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2015

An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta) 2015

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal) 2015

An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú) 2015

An tAcht um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt) 2015

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2015

Acht na bPríosún 2015

An tAcht Sláinte Poiblí (Pacáistiú Caighdeánaithe Tobac) 2015

An tAcht um Shásamh do Mhná a raibh Cónaí Orthu i bhForais Áirithe 2015

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2015

Acht na mBóithre 2015

An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015

An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2015

An tAcht um Spórt Éireann 2015

An tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2015

An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015

An tAcht um an Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) 2012

An tAcht um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Comhionannas Pósta) 2015

An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015

An tAcht Luachála (Leasú) 2015

An tAcht um Theanntáil Feithiclí 2015

An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015

Iarscríbhinn C

Oifig an Ard-Aighne

Vóta 3 Oifig Shráid Mhuirfean

Torthaí na bliana 2015 agus Meastachán le haghaidh 2015 agus 2016

Meastachán agus Toradh le haghaidh 2015 agus Meastachán ar an méid a theastóidh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2016 le haghaidh thuarastail agus chostais **Oifig an Ard-Aighne**, lena n-áirítear deontas.

	Seirbhís	**Foráil Mheasta**	**Toradh Forála**	**Foráil Mheasta**
	RIARACHÁN	**2015**	**2015**	**2016**
		€000	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	11,532	10,115	11,200
A.2(i)	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	130	147	130
A.2(ii)	OILIÚINT AGUS FORBAIRT AGUS COSTAIS THEAGMHASACHA	540	577	600
A.2(iii)	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	70	65	70
A.2(iv)	TREALAMH OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA TF	499	658	559
A.2(v)	CAITEACHAIS AR ÁITRIBH OIFIGE	156	158	156
A.2(vi)	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA, ATHBHREITHNITHE UM LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS	20	20	20

A.2(vii)	SAINEOLAS DLÍ CONARTHAÍ	461	125	401
A.2(xi)	UACHTARÁNACHT AR AN AE	-	-	-
		13,408	**11,865**	**13,136**
	FO-IOMLÁN			
	SEIRBHÍSÍ EILE			
A.3	RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE HEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA	38	34	38
A.4	AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ (DEONTAS I GCABHAIR)	2,149	2,002	2,119
A.5	COSTAIS GHINEARALTA DLÍ	250	94	190
	Iomlán Comhlán	**15,845**	**13,995**	**15,483**
	Lúide			
B.	LEITHREASAÍ I GCABHAIR	815	854	788
	Glan-Iomlán	**15,030**	**13,141**	**14,695**

Vóta 13 - Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Torthaí na bliana 2015 agus Meastachán le haghaidh 2015 agus 2016

Meastachán agus Toradh le haghaidh 2015 agus Meastachán ar an méid a theastóidh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2016 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

	Seirbhís	**Foráil Mheasta**	**Toradh Forála**	**Foráil Mheasta**
	RIARACHÁN	**2015**	**2015**	**2016**
		€000	**€000**	**€000**
A.1	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	14,818	14,414	15,100
A.2(ii)	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	70	72	70
A.2(iii)	OILIÚINT AGUS FORBAIRT AGUS COSTAIS THEAGMHASACHA	813	879	813
A.2(iv)	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	350	321	350
A.2(v)	TREALAMH OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA	600	584	750
A.2(vi)	CAITEACHAIS AR ÁITRIBH OIFIGE	200	158	300
A.2(vii)	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA, ATHBHREITHNITHE UM LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS	25	25	25
	FO-IOMLÁN	**16,876**	**16,453**	**17,408**

SEIRBHÍSÍ EILE				
A.3	SEIRBHÍSÍ DLÍ SEACHTRACHA	200	243	200
A.4	TÁILLÍ ABHCÓIDE	12,100	12,090	12,000
A.5	COSTAIS GHINEARÁLTA DLÍ	1,150	1,139	1,400
	Iomlán Comhlán	**30,326**	**29,925**	**31,008**
	Lúide			
B.	LEITHREASAÍ I GCABHAIR	1,860	1,672	1,860
	Glan-Iomlán	**28,466**	**28,253**	**29,148**

Iarscríbhinn D

Ráiteas um Chomhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus um Chomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Ráitis um Chomhlíonadh; Tuarascálacha faoi Chleachtais Íocaíochta 2015

Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean)

Comhlíonann íocaíochtaí ábhartha a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun comhlíonadh an Achta a áirithiú a scaipeadh ar an bhfoireann go léir in mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is é an aidhm atá leis na treoirlínte sin éascú a dhéanamh ar ghlanadh pras sonrasc agus féachaint chuige nach dtiocfaidh ús, pionóis agus cúiteamh i gceist. Thairis sin, déantar monatóireacht rialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt trí chonradh scríofa, baineann an sprioc ama um íoc pras de 30 lá le gach íocaíocht. Ón 15 Meitheamh 2009 ar aghaidh, tá sé de dhualgas ar na Ranna Rialtais go léir gach soláthraí a íoc laistigh de 15 lá ó gheofar sonrasc bailí, agus gealltanas a thabhairt ina leith sin, cé go bhfuil an teorainn 30 lá i ndáil le híoc úis íocaíochta pras fós i bhfeidhm.
- Iarrtar ar an bhfoireann a áirithiú go mbeidh sonraisc dírithe ar dhuine ainmnithe agus orduithe á gcur isteach le haghaidh earraí agus seirbhísí, rud a sheachnóidh moill maidir le rianú a dhéanamh ar an duine a chuir an t-ordú isteach chun críocha deimhniúcháin
- Cuirtear gach sonrasc ar aghaidh go dtí an tAonad Airgeadais agus déantar an dáta a stampáil orthu láithreach bonn nuair a fhaightear iad. Is é an dáta sin an dáta óna ndéanfar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh
- Déanann an fhoireann oibre san Aonad Airgeadais scanadh ar na sonraisc go léir a fhaightear ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais nuair a fhaightear iad san Aonad Airgeadais
- Nuair a bheidh na hearraí nó an tseirbhís dá dtagraíonn an sonrasc faighte ag an Oifig, deimhneoidh an tAonad ábhartha go bhfuil an sonrasc in ord le haghaidh íocaíochta trí fhógra go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Chomh luath agus a bheidh próiseas an Chórais Bhainistíochta Airgeadais curtha i gcrích, féadfaidh baill foirne san Aonad Airgeadais dul ar aghaidh agus an sonrasc a íoc
- Sa chás nach mbeidh an tAonad ábhartha in ann fógra go bhfuil na hearraí faighte a eisiúint de bharr an t-ordú a bheith neamhiomlán, nó neamhsholáthar seirbhíse iomláine etc., ba chóir an tAonad Airgeadais a chur ar an eolas agus ní chuirfear tús leis an tréimhse 30 lá go dtí go mbeidh na hearraí nó na seirbhísí curtha ar fáil ina n-iomláine don Oifig
- Cuireadh in iúl don fhoireann gur gá fógra go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint a luaithe agus a bheidh na hearraí nó an tseirbhís faighte ag an Oifig nó é a chur in iúl don Aonad Airgeadais mura

féidir leo an fógra sin a ghiniúint maidir le sonrasc ar leith. Ba chóir socruithe a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfear moill ar phróiseas na bhfógraí go bhfuil earraí faighte mar gheall ar bhaill foirne a bheith ar saoire etc.

- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, leantar na nósanna imeachta atá sainithe san Acht. Cuireann an tAonad Airgeadais na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead scríofa ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta dlite íocaíochta agus déanann siad iarracht a áirithiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Má dhéantar íocaíocht lasmuigh den am forordaithe, ríomhfaidh an tAonad Airgeadais ús de réir an Achta agus na Rialachán
- Tugann an Córas Bainistíochta Airgeadais leideanna don fhoireann san Aonad Airgeadais faoin dáta íocaíochta dlite

Tuairisc faoi Chleachtais Íocaíochta 2015

Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

Ginearálta

- Chomhlíon íocaíochtaí ábhartha a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Íocaíochtaí Déanacha

- Rinneadh íocaíochtaí iomlána €2,147,664.45 in 2015 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an Reachtaíocht ina leith.

- Tabhaíodh íocaíochtaí úis um íoc pras de €74.59 i rith na bliana.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Ráiteas um Chomhlíonadh

an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus um Chomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun comhlíonadh an Achta a áirithiú a scaipeadh ar an bhfoireann go léir in mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is é an aidhm atá leis na treoirlínte sin éascú a dhéanamh ar ghlanadh pras sonrasc agus féachaint chuige nach dtiocfaidh ús, pionóis agus cúiteamh i gceist. Thairis sin, déantar monatóireacht rialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt trí shocrú scríofa, baineann an sprioc ama um íoc pras de 30 lá le gach íocaíocht.
- Gach sonrasc a fhaightear, cuirtear díreach go dtí an tAonad Airgeadais é agus déantar an dáta a stampáil air ansin. Is é an dáta sin an dáta óna ndéanfar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh.
- Déanann an fhoireann oibre san Aonad Airgeadais na sonraisc ghinearálta a scanadh isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais ag baint úsáide as an mBainisteoir Sonraisc agus is ar bhonn leictreonach a dhéantar sonraisc a fhaomhadh. Cuirtear Sonraisc Dlí Ghinearálta isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais agus cuirtear ar aghaidh chuig na láimhseálaithe comhad ábhartha iad lena bhfaomhadh.
- Cuireadh an fhoireann ar an eolas gur chóir gach sonrasc a dheimhniú i gcomhair íocaíochta agus a sheoladh ar aghaidh chuig an Aonad Airgeadais láithreach nuair a fhaightear iad. Ba chóir socruithe a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfear moill ar shonraisc mar gheall ar bhaill foirne a bheith ar saoire etc.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, leantar na nósanna imeachta atá sainithe san Acht. Cuireann an tAonad Airgeadais na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead scríofa ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta dlite íocaíochta agus déanann siad iarracht a áirithiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Má dhéantar íocaíocht lasmuigh den am forordaithe, ríomhfaidh an Córas Bainistíochta Airgeadais ús sa ghnáthchúrsa agus seiceálfaidh an tAonad Airgeadais de láimh é de réir an Achta agus na Rialachán.

Íocaíochtaí Úis faoin Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas

Rinneadh íocaíochtaí iomlána €2.726m in 2015 ó Vóta Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an Reachtaíocht ina leith. Tabhaíodh suim iomlán €3,755 in ús pionósach i rith na bliana faoin Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas.

Tuairisc faoi Chleachtais Íocaíochta 2015

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá feidhm ag téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Oifig sin nó thar a ceann, cé is moite den phárolla agus costais áirithe Oifige eile.

Thug OPAS isteach Córas Bainistíochta Airgeadais nua i mí Iúil 2004. Nuair a tugadh isteach an córas nua sin, ghlac Aonad Airgeadais OPAS freagracht as gach íocaíocht ón Vóta OPAS, cé is moite den Phárolla agus Tuarastail (Ceannteideal A1). Tá an córas deartha go sainiúil chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh théarmaí an Achta.

I líon beag cásanna nuair nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí úis cuí.

Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íoc Pras maidir leo idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2015:

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad:	€2,726,699
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 san áireamh):	€6,992.91
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (thar €320):	€42,583.06
Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar chéatadán d'iomlán na n-íocaíochtaí:	1.82%
Líon na n-íocaíochtaí déanacha ar mhó iad ná €320:	23
An méid Úis a íocadh:	€3,754.94
An méid úis mar chéatadán d'iomlán na n-íocaíochtaí:	0.14 %
Léiriú ginearálta ar Fhad Ama na Moilleanna:	42 lá